



C/2024/3631

5.6.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**  
(Cás M.11524 — I SQUARED CAPITAL / RUBIS TERMINAL)

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3631)

1. An 29 Bealtaine 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle <sup>(1)</sup>.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- I Squared Capital Advisors (US) LLC ('I Squared', Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá faoi rialú ISQ Holdings LLC (Oileáin Cayman),
- Rubis Terminal Infra SAS ('Rubis Terminal', an Fhrainc), atá faoi rialú comhpháirteach indíreach I Squared agus Rubis SCA (an Fhrainc) faoi láthair.

Gheobhaidh I Squared rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Rubis Terminal ina iomláine. Is cumasc atá san éadail atá beartaithe toisc go n-aistreofaí ó chomhrialú chuig rialú aonair, mar a shainmhínítear faoi Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal (2)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is cuideachta infheistíochta bonneagair domhanda é I Squared a dhíríonn ar earnálacha amhail fuinneamh, fónais, leasú leantóirí, teileachumarsáid, cúram sláinte agus iompar ar an leibhéal domhanda.
- Oibríonn Rubis Terminal críochfoirt bulcstórála leachta atá lonnaithe sa Bheilg, sa Fhrainc, san Ísiltír agus sa Spáinn, agus is í an speisialtóireacht atá aige stóráil agus láimhseáil bulc-tháirgí leachtanna agus gás, amhail ceimiceáin, leasacháin, bithbhreoslaí agus breoslaí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais <sup>(2)</sup>, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thrú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11524 — I SQUARED CAPITAL / RUBIS TERMINAL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

<sup>(1)</sup> IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

<sup>(2)</sup> IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission  
Directorate-General for Competition  
Merger Registry  
1049 Bruxelles/Brussel  
BELGIQUE/BELGIË

---